

Tuiscint ar an Dráma Ceacht a Trí

Naisc leis an gCuraclam:		
OSPS	Snáith: Mise	Snáithaonad: Féinaithne
Drámaíocht	Snáith: Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh chun tuiscint a chothú	Snáithaonaid: Iniúchadh agus déanamh drámaíochta, léirsmaoineamh ar dhrámaíocht, comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh drámaíochta.

Gníomhaíocht a hAon – Nuair a mhothaím ... Gníomhaíocht a Dó – Pictiúir Reoite Gníomhaíocht a Trí – Dhá réalta agus mian

Cuspóirí:

- *Beidh sé ar chumas na bpáistí plé a dhéanamh ar na heachtraí nuair a mhothaíonn siad brónach/crosta/go dona.*
- *Beidh sé ar chumas na bpáistí páirt a ghlacadh sna pictiúir reoite, ag léiriú mothúcháin éagsúla.*
- *Beidh sé ar chumas na bpáistí aischothú a thabhairt dá chéile ar na pictiúir reoite, ag úsáid an mhódh 'Dhá réalta agus mian'.*

Gníomhaíocht a hAon – Nuair a mhothaím ...

- Iarr ar na páistí smaoineamh ar an scéal 'Nuair a bhí Joe dána'.
- Iarr orthu plé a dhéanamh ar na fáthanna a mhothaigh Jackie brónach/crosta/go dona.
- Taispeáin dóibh conas naisc phearsanta a dhéanamh leis an scéal le samplaí mar seo: *“Cuireann sé seo i gcuimhne dom nuair a bhí mé brónach mar d'fhág mo chairde i leataobh mé agus iad ag imirt cluiche.”*
- Tabhair cuireadh do na páistí a naisc phearsanta a roinnt leis an rang.

Gníomhaíocht a Dó – Pictiúir reoite

- Roinn an rang i mbeirteanna, A agus B i ngach beirt.
- Iarr ar na páistí cuimhneamh ar eachtra a chuir brón orthu.
- Iarr orthu smaoineamh ar conas mar a bhí a (h)aghaidh agus a c(h)orp ansin.
- Iarr ar gach páiste A a thaispeáint dá pháirtneir cén chuma atá ar bhrón, ó bhun go barr an choirp.
- Déan an rud céanna le gach páiste B ag taispeaint.
- Iarr ar na páistí an rud céanna a dhéanamh le mothúcháin eile: brónach, crosta, sona, go dona.
- Roghnaigh cúpla páiste chun a p(h)ictiúir reoite a thaispeáint don rang ar fad, agus iarr ar an rang cur síos a dhéanamh ar an méid a fheiceann siad agus an mothúchán a ainmniú.

Gníomhaíocht a Trí – Dhá réalta agus mian

- Beidh na páistí ag déanamh aischothú ar obair a chéile ag baint leas as an módh 'Dhá réalta agus mian'.
- Roghnaigh páistí chun dhá réalta (rud dearfach) agus mian (píosa comhairle) a thabhairt ar obair a chéile. Mar shampla: *“Thaitin sé liom go raibh do lámh ar do cheann chun a thaispeáint dúinn go raibh brón ort.”* (réalta) agus *“Ba mhaith liom go ndéanfadh tú dorn le do lámh le taispeáint go raibh fearg ort.”* (mian).